

CEISTNEOIR

Cad faoi an suirbhé seo?

Is é an Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Cúraim Ailse an chéad suirbhé náisiúnta ina bhfuil ceisteanna á gcur ar dhaoine fásta faoina dtaithe ar chúram ailse in Éirinn. Úsáidfear torthaí an tsuirbhé chun seirbhísí ailse a fheabhsú agus a fhorbairt.



National
Cancer Care
Experience
Survey

Bain úsáid as an gceistneoir seo chun aiseolas ginearálta a thabhairt ar d'eispéireas ospidéal. Más mian leat tuairim a roinnt linn nó gearán a dhéanamh agus freagra a fháil, seol ríomhphost chuig FSS ag yoursay@hse.ie nó glaoigh ar an uimhir 1800 424 555. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an tSeirbhís Abhcóideachta Othair freisin, seirbhís adbhcoideachta neamhspleách, a thacaíonn le daoine ar mian leo gearán a dhéanamh, ag 0818 293 003 nó info@patientadvocacy.service.ie

Cén fáth a bhfuair mé an ceistneoir seo?

Fuair tusa an ceistneoir seo de bhrí go bhfuil tú 16 bliana d'aois nó níos sine agus go bhfuair tú cúram ailse mar othar cónaitheach nó mar chás lae in ospidéal idir Deireadh Fómhair agus Nollaig 2026.

An féidir liom iarraidh ar dhuine eile cabhrú liom an suirbhé a líonadh?

Is féidir. Is féidir leat cabhair a fháil ó dhuine éigin chun an ceistneoir seo a líonadh. Is féidir leat freisin iarraidh ar dhuine éigin an ceistneoir a líonadh thar do cheann. Mar sin féin, ba cheart gur léargas iad na freagraí ar d'eispéireas cúraim féin.

An ceistneoir a líonadh isteach

- Má fuair tú níos mó ná diagnóis ailse amháin, smaoinigh ar do dhiagnóis is déanaí nuair a bhíonn an ceistneoir seo á chomhlánú agat.
- Nuair a bhíonn na ceisteanna á bhfreagairt agat, smaoinigh ar d'eispéireas is déanaí ar chúram ailse mar othar cónaitheach nó cás lae san ospidéal atá ainmnithe sa litir a fuair tú leis an gceistneoir seo.
- Tá seans ann go mbeidh roinnt ceisteanna sa suirbhé nach bhfuil ábhartha duit. Léigh an fhaisnéis sna boscaí a ghabhann le cuid de na ceisteanna mar tugtar faisnéis thábhachtach iontu le cabhrú leat an ceistneoir a chomhlánú. Freagair na ceisteanna ar fad atá ábhartha do d'eispéireas féin.
- Ba cheart go dtógfadh sé idir 20-30 nóiméad ort an suirbhé a chomhlánú.
- In aice le gach ceist, cuir tic ☒ sa bhosca (sna boscaí) cuí. Bain úsáid as peann dubh nó gorm. Ná bí buartha má dhéanann tú botún; níl le déanamh agat ach an bosca a líonadh agus tic ☒ a chur sa bhosca ceart.
- Tá spás ag deireadh an cheistneora le gur féidir leat do chuid tuairimí a chur i scríbhinn.
- Ná scríobh d'ainm ná do sheoladh áit ar bith ar an gceistneoir.
- Cuir an ceistneoir ar ais chugainn sa chlúdach litreach Saorphoist a tháinig leis. Níl stampa ag teastáil.
- Is féidir leat an suirbhé a chomhlánú ar líne freisin trí úsáid a bhaint as an téacsteachtairacht a seoladh chugat ó CareSurvey. Tá nasc le fáil sa téacsteachtairacht a threoróidh chomh fada leis an suirbhé thú.

Má ritheann aon cheist maidir leis an suirbhé leat, is féidir leat glaoch ar ár n-uimhir Shaorghlao, 1800 314 093, (Luan-Aoine, 9am-5pm) nó ríomhphost a sheoladh chuig an seoladh info@yourexperience.ie.

If mura mian leat páirt a ghlacadh sa suirbhé agus mura bhfuil tú ag iarraidh cloisteáil uainn arís, glaoigh ar an uimhir Shaorghlao, 1800 314 093, nó seol ríomhphost chuig an seoladh info@yourexperience.ie

Please is féidir leat a bheith cinnte go mbeidh do chuid freagraí faoi rún agus nach mbeidh aon tionchar ar bhealach ar bith ag an aiseolas a chuireann tú ar fáil ar an gcúram atá ar fáil agat faoi láthair nó a bheidh á fháil agat amach anseo.

Cód Suirbhé:

Improving care experiences together



An Roinn Sláinte
Department of Health



Cuid 1: Sula raibh a fhios agat go raibh ailse ort

Tá na ceisteanna sa chuid seo dírithe ar an méid a tharla sula raibh a fhios agat go raibh ailse ort.

C1. Conas ar braitheadh d'ailse ar dtús?

- ☐ 1 Thug mé cuairt ar mo Dhochtúir Ginearálta (DG) de bhrí go raibh siomptóim ag cur isteach orm agus atreoraíodh chuig ospidéal mé → **Téigh go dtí C2**
- ☐ 2 D'fhreastail mé ar ghnáth-scagthástáil le haghaidh ailse (Scrúdú Brollaigh, Scrúdú Ceirbheacs nó Scagthástáil Putóige, mar shampla) → **Téigh go dtí C4**
- ☐ 3 D'fhreastail mé ar an rannóg éigeandála mar gheall ar na siomptóim a bhí orm → **Téigh go dtí C4**
- ☐ 4 Scagthástáil sláinte bhliantúil → **Téigh go dtí C4**
- ☐ 5 Eile → **Téigh go dtí C4**
- ☐ 6 Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom → **Téigh go dtí C4**

C2. Más rud é gur atreoraigh do DG tú le haghaidh tástálacha diagnóiseacha, ar mhíniú an fhoireann i do chleachtas DG an chúis a raibh tú do d'atreorú ar bhealach a thuig tú?

- ☐ 1 Mhíniú, go hiomlán
- ☐ 2 Mhíniú, go pointe áirithe
- ☐ 3 Níor mhíniú
- ☐ 4 Níor atreoraigh mo chleachtas DG mé
- ☐ 5 Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom

C3. Tríd is tríd, conas a mhothaigh tú faoin tréimhse ama idir an uair ar ordáíodh do thástáil dhiagnóiseach agus an uair a rinneadh an tástáil?

- ☐ 1 Bhí sé ceart go leor
- ☐ 2 Beagán rófhada
- ☐ 3 I bhfad rófhada
- ☐ 4 Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom

Cuid 2: Tástálacha diagnóiseacha

Baineann na ceisteanna sa chuid seo le d'eispéireas ar aon tástáil a d'fhéadfadh a bheith déanta chun cabhrú leis an ailse a bhí ort a dhiagnóisiú. Tástáil fola, scanadh, bithóipse nó ionscópacht, mar shampla. Nuair a bhíonn na ceisteanna seo á bhfreagairt agat, smaoinigh ar an uair dheiridh a rinneadh tástáil nó tástálacha diagnóiseacha ort a bhain leis an ailse a bhí ort.

C4. Le 12 mhí anuas, an ndearnadh aon tástáil ort a chabhraigh chun an ailse a bhí ort a dhiagnóisiú san ospidéal atá ainmnithe sa litir chumhdaigh a fuair tú leis an gceistneoir seo?

- ☐ 1 Rinneadh → **Téigh go dtí C5**
- ☐ 2 Ní dhearnadh → **Téigh go dtí C6**

C5. Ar míníodh torthaí na dtástálacha ar bhealach a thuig tú?

- ☐ 1 Míníodh, go hiomlán
- ☐ 2 Míníodh, go pointe áirithe
- ☐ 3 Níor míníodh
- ☐ 4 Níor tugadh míniú dom ach ba bhreá liom dá dtabharfaí
- ☐ 5 Níl na torthaí faighte agam fós
- ☐ 6 Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom

Cuid 3: Eolas a fháil faoin ailse a bhí ort

Baineann na ceisteanna sa chuid seo le d'idirghníomhaíochtaí agus eispéiris nuair a fuair tú amach go raibh ailse ort.

C6. Nuair a insíodh duit ar dtús go raibh ailse ort, ar tugadh rogha duit ball teaghlaigh, cúramóir nó cara a thabhairt isteach leat nuair a bhí an t-eolas á roinnt leat?

- ☐ ¹ Tugadh, dúradh liom go bhféadfainn duine éigin a thabhairt isteach liom
- ☐ ² Níor tugadh, níor tugadh rogha dom duine éigin a thabhairt isteach liom
- ☐ ³ Níor tugadh, dúradh liom go sonrach nach bhféadfainn duine éigin a thabhairt isteach liom
- ☐ ⁴ Níor tugadh, roinneadh an t-eolas liom i bhfoirm litreach, ar an teileafón nó trí ríomhphost
- ☐ ⁵ Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom

C7. Ar míníodh do dhiagnóis duit ar bhealach a thuig tú?

- ☐ ¹ Míníodh, go hiomlán
- ☐ ² Míníodh, go pointe áirithe
- ☐ ³ Níor míníodh
- ☐ ⁴ Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom

C8. Ar insíodh duit, ar bhealach cineálta, go raibh ailse ort?

- ☐ ¹ Insíodh, cinnte
- ☐ ² Insíodh, go pointe áirithe
- ☐ ³ Níor insíodh
- ☐ ⁴ Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom

C9. Nuair a insíodh duit go raibh ailse ort, ar tugadh eolas duit i scríbhinn faoin gcineál ailse a bhí ort?

- ☐ ¹ Tugadh, agus bhí an t-eolas éasca le tuiscint
- ☐ ² Tugadh, ach ní raibh sé éasca an t-eolas a thuiscint
- ☐ ³ Níor tugadh, níor cuireadh aon eolas i scríbhinn ar fáil dom
- ☐ ⁴ Ní raibh eolas ag teastáil uaim ná ní raibh mé ag iarraidh eolas i scríbhinn a fháil
- ☐ ⁵ Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom

Cuid 4: Tacaíocht ó phríomhtheagmhálaí

Baineann na ceisteanna sa chuid seo leis an tacaíocht a d'fhéadfadh a bheith faighte agat ó phríomhtheagmhálaí ón bhfoireann a bhí ag tabhairt aire duit, i rith do chúraim agus do chóireála le haghaidh ailse.

C10. An raibh príomhtheagmhálaí ón bhfoireann a bhí ag tabhairt aire duit ar fáil chun labhairt leat, cosúil le haltraspeisialtóir cliniciúil, a d'fhéadfadh tacú leat i rith do chóireála?

- ☐ ¹ Bhí → Téigh go dtí C11
- ☐ ² Ní raibh → Téigh go dtí C12
- ☐ ³ Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom → Téigh go dtí C12

C11. Cé chomh héasca is a bhí sé teagmháil a dhéanamh le do phríomhtheagmhálaí?

- ☐ ¹ An-éasca
- ☐ ² Sách éasca
- ☐ ³ Ní raibh sé éasca ná deacair
- ☐ ⁴ Sách deacair
- ☐ ⁵ An-deacair
- ☐ ⁶ Ní raibh orm teagmháil a dhéanamh leis an duine seo

Cuid 5: Cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcóireáil is fearr duit

Baineann na ceisteanna sa chuid seo le d'eispéireas ar chinneadh a dhéanamh maidir leis na roghanna cóireála is fearr duit. Dírítear sa chuid seo freisin ar an gcaoi ar tacaíodh leat chun déileáil le haon ábhar imní nó riachtanas a d'fhéadfadh a bheith agat.

C12. Sular cuireadh tús le do chóireáil le haghaidh ailse, ar míníodh do roghanna cóireála duit ar bhealach a thuig tú?

- ☐ ¹ Míníodh, go hiomlán
- ☐ ² Míníodh, go pointe áirithe
- ☐ ³ Níor míníodh
- ☐ ⁴ Ní raibh ach rogha chóireála amháin ar fáil dom
- ☐ ⁵ Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom

C13. Ar tugadh deis duit an oiread baint agus a theastaigh uait a bheith agat le cinntí faoi do roghanna cóireála?

- ☐ ¹ Tugadh, cinnte
- ☐ ² Tugadh, go pointe áirithe
- ☐ ³ Níor tugadh
- ☐ ⁴ Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom

C14. Sular cuireadh tús le do chóireáil, ar phléigh tú do riachtanais nó na hábhair a bhí ag déanamh imní duit le ball foirne san ospidéal?

- ☐ ¹ Phléigh, cinnte
- ☐ ² Phléigh, go pointe áirithe
- ☐ ³ Níor phléigh, agus sin a theastaigh uaim a dhéanamh
- ☐ ⁴ Níor phléigh, ach níorbh é sin a theastaigh uaim a dhéanamh
- ☐ ⁵ Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom

C15. Ar mhothaigh tú go raibh go leor ama agat chun do chúram agus do chóireáil a phlé leis an dochtúir?

- ☐ ¹ Mhothaigh, cinnte
- ☐ ² Mhothaigh, go pointe áirithe
- ☐ ³ Níor mhothaigh

Cuid 6: Cúram ospidéil

Baineann na ceisteanna sa chuid seo le d'eispéireas ar chúram i rith aon tréimhse fanachta thar oíche san ospidéal.

C16. Le 12 mhí anuas, ar fhan tú thar oíche san ospidéal atá ainmnithe sa litir a fuair tú in éineacht leis an gceistneoir seo chun cúram ailse a fháil?

- ☐ ¹ D'fhan → Téigh go dtí C17
- ☐ ² Níor fhan → Téigh go dtí C21

Ag smaoineamh ar an uair dheiridh ar fhan tú thar oíche in ospidéal...

C17. An raibh tú in ann cabhair a fháil ón bhfoireann sa bharda nuair a bhí cabhair ag teastáil uait?

- ☐ ¹ Bhí, i gcónaí
- ☐ ² Bhí, uaireanta
- ☐ ³ Ní raibh
- ☐ ⁴ Ní raibh aon chabhair ag teastáil uaim
- ☐ ⁵ Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom

C18. An raibh tú in ann labhairt le baill foirne san ospidéal faoi na rudaí a bhí ag déanamh imní díot nó a raibh eagla ort rompu?

- ☐ ¹ Bhí, cinnte
- ☐ ² Bhí, go pointe áirithe
- ☐ ³ Ní raibh
- ☐ ⁴ Ní raibh ábhair imní agam ná eagla orm
- ☐ ⁵ Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom

C19. An ndearna na baill foirne san ospidéal gach rud a d'fhéadfaidís a dhéanamh chun cabhrú le do phian a bhainistiú?

- ¹ ☐ Rinne, i gcónaí
- ² ☐ Rinne, uaireanta
- ³ ☐ Ní dhearna
- ⁴ ☐ Ní raibh aon phian orm riamh
- ⁵ ☐ Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom

C20. Ar roinn na baill foirne san ospidéal eolas leat maidir leis na rudaí ba cheart nó nár cheart duit a dhéanamh i ndiaidh duit an t-ospidéal a fhágáil?

- ¹ ☐ Roinn
- ² ☐ Níor roinn
- ³ ☐ Ní raibh aon eolas ag teastáil uaim
- ⁴ ☐ Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom

Cuid 7: Do chóireáil

Baineann na ceistanna sa chuid seo leis na cineálacha cúraim agus cóireála/cóireálacha a fuair tú le haghaidh d'ailse.

C21. Le 12 mhí anuas, an bhfuair tú aon cheann díobh seo a leanas? Cuir tic taobh le gach rogha ábhartha.

- ¹ ☐ Máinliacht → Téigh go dtí C22
- ² ☐ Ceimiteiripe (imdhíon-teiripe san áireamh) → Téigh go dtí C22
- ³ ☐ Radaiteiripe → Téigh go dtí C22
- ⁴ ☐ Teiripe hormón → Téigh go dtí C22
- ⁵ ☐ Cúram maolaitheach → Téigh go dtí C24
- ⁶ ☐ Ní bhfuair mé ceann ar bith díobh → Téigh go dtí C24

C22. Sular cuireadh tús le do chóireáil, ar roinneadh an t-eolas ar fad maidir leis an gcóireáil leat ar bhealach a thuig tú? Freagair le haghaidh gach cineáil cóireála ar chuir tú tic taobh leis in C21.

	Roinneadh, go hiomlán	Roinneadh, go pointe áirithe	Níor roinneadh	Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom
Máinliacht	¹ ☐	² ☐	³ ☐	⁴ ☐
Ceimiteiripe (imdhíon-teiripe san áireamh)	¹ ☐	² ☐	³ ☐	⁴ ☐
Radaiteiripe	¹ ☐	² ☐	³ ☐	⁴ ☐
Teiripe hormón	¹ ☐	² ☐	³ ☐	⁴ ☐

C23. Ar an meán, cé chomh fada is a bhí ort fanacht go dtí gur cuireadh tús le do chóireáil i ndiaidh duit an t-ospidéal a bhaint amach? Freagair le haghaidh gach cineál cóireála oiriúnach ar chuir tú tic taobh leis in C21.

	Bhí mé ag fanacht níos lú ná 30 nóiméad go hiondúil	Bhí mé ag fanacht idir 30 nóiméad agus 1 uair an chloig de ghnáth	Bhí mé ag fanacht idir 1 agus 2 uair an chloig de ghnáth	Bhí mé ag fanacht níos mó ná 2 uair an chloig de ghnáth
Ceimiteiripe (imdhíon-teiripe san áireamh)	¹ ☐	² ☐	³ ☐	⁴ ☐
Radaiteiripe	¹ ☐	² ☐	³ ☐	⁴ ☐

Cuid 8: Cúram agus tacaíocht ó bhaill foirne ospidéal

Baineann na ceistanna sa chuid seo le d'idirghníomhaíochtaí agus eispéiris le baill foirne ospidéal i rith do chóireála le haghaidh ailse.

C24. Cé acu de na daoine seo a leanas ar bhuail tú leo san ospidéal i rith do chúraim agus do chóireála le haghaidh ailse? Cuir tic taobh le gach rogha ábhartha.

- ☐ 1 Haemaiteolaí Comhairleach
- ☐ 2 Oinceolaí Comhairleach Míochaine
- ☐ 3 Oinceolaí Radaíochta Comhairleach
- ☐ 4 Máinlia Comhairleach
- ☐ 5 Fiaclóir
- ☐ 6 Daitéiteach
- ☐ 7 Foireann Altranais
- ☐ 8 Teiripeoir Saothair
- ☐ 9 Cógaiseoir
- ☐ 10 Fisiteiripeoir
- ☐ 11 Síciatraí
- ☐ 12 Síceolaí
- ☐ 13 Teiripeoir Radaíochta
- ☐ 14 Oibrí Sóisialta
- ☐ 15 Teiripeoir Urlabhra agus Teanga
- ☐ 16 Baill foirne leighis eile

C25. An raibh tú in ann comhairle nó tacaíocht a fháil ó bhaill foirne san ospidéal maidir le do riachtanais chothaithe?

- ☐ 1 Bhí
- ☐ 2 Ní raibh, agus bhí comhairle nó tacaíocht ag teastáil uaim
- ☐ 3 Ní raibh comhairle ná tacaíocht ag teastáil uaim
- ☐ 4 Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom

C26. An bhfuair tú do dhóthain tacaíochta mothúchánaí agus síceolaíche ón ngrúpa ball foirne san ospidéal i rith do chóireála le haghaidh ailse?

- ☐ 1 Fuair, cinnte
- ☐ 2 Fuair, go pointe áirithe
- ☐ 3 Ní bhfuair
- ☐ 4 Ní raibh tacaíocht mhothúchánach ná síceolaíoch ag teastáil uaim
- ☐ 5 Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom

C27. Ar thug na baill foirne san ospidéal a bhí ag tabhairt aire duit, an t-eolas a bhí ag teastáil do do theaghlach nó do dhuine éigin eile a raibh tú mór leo, chun aire a thabhairt duit sa bhaile?

- ☐ 1 Thug, cinnte
- ☐ 2 Thug, go pointe áirithe
- ☐ 3 Níor thug
- ☐ 4 Ní bhaineann sé le mo chás
- ☐ 5 Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom

C28. Ar roinn na baill foirne san ospidéal eolas leat a bhí ábhartha duit maidir le tacaíocht ailse sa phobal áitiúil, imeachtaí nó acmhainní do dhaoine a raibh ailse orthu?

- ☐ 1 Roinn
- ☐ 2 Níor roinn, agus ba bhreá liom eolas den chineál seo
- ☐ 3 Níor roinn, ach ní raibh eolas den chineál seo ag teastáil uaim nó de dhíth orm
- ☐ 4 Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom

C29. Má cuireadh cóireáil le haghaidh ailse ort (cosúil le ceimiteiripe, radaiteiripe), b'fhéidir gur tugadh eolas duit maidir le conas teagmháil a dhéanamh leis an mbeolíne SS (Sórtáil mo Shiomptóim) mura mbíonn tú ag mothú go maith. Mura raibh tú ag mothú go maith, ar bhain tú úsáid as beolíne SS?

- ☐ 1 Bhain mé úsáid as an mbeolíne
- ☐ 2 Níor bhain mé úsáid as an mbeolíne
- ☐ 3 Níor bhain, ní raibh a fhios agam go raibh a leithéid de sheirbhís ar fáil
- ☐ 4 Bhí mé ag iarraidh an bheolíne a úsáid, ach ní raibh an tseirbhís ar fáil

- ☐ Cuireadh uimhir theagmhála dhifriúil nó eolas maidir le seirbhís dhifriúil ar fáil dom
- ☐ Ní bhaineann sé le mo chás
- ☐ Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom

Cuid 9: Freastal ar an Rannóg Éigeandála

Baineann na ceisteanna sa chuid seo le d'eispéireas ar aon chúram éigeandála a d'fhág gurbh éigean duit freastal ar an rannóg éigeandála i rith do chóireála le haghaidh ailse.

C30. Ar thug tú cuairt ar an rannóg éigeandála riamh de bhrí gur mhothaigh tú tinn mar gheall ar d'ailse nó ar do chóireáil le haghaidh ailse?

- ☐ Thug, uair amháin → Téigh go dtí C31
- ☐ Thug, níos mó ná uair amháin → Téigh go dtí C31
- ☐ Níor thug riamh → Téigh go dtí C32
- ☐ Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom → Téigh go dtí C32

C31. Ag smaoineamh ar an gcuart deiridh a thug tú ar an rannóg éigeandála, má cuireadh in iúl duit go mbeadh ort fanacht san ospidéal, cé mhéad ama a thóg sé chun leaba a fháil ar bharda?

- ☐ Níos lú na 6 uair an chloig
- ☐ Idir 6 agus 12 uair an chloig
- ☐ Idir 12 agus 24 uair an chloig
- ☐ Idir 24 agus 48 uair an chloig
- ☐ Níos mó ná 48 uair an chloig
- ☐ Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom
- ☐ Níor cuireadh i mbarda mé

Cuid 10: Comhordú cúraim

Baineann na ceisteanna sa chuid seo leis na hidirghníomhaíochtaí idir na foirne cúraim sláinte a bhí ag tabhairt aire duit i rith do chúraim agus do chóireála agus an tacaíocht agus an cúram a d'fhéadfadh a bheith faighte agat ó do chleachtas DG i rith an ama seo.

C32. Cén ráta a roghnófa chun cur síos a dhéanamh ar chomhordú do chúraim (litreacha a fháil ag an am ceart, na nótaí agus torthaí tástála cearta agus mar sin de a bheith ag dochtúirí)?

- ☐ An-mhaith
- ☐ Go maith
- ☐ Ní go maith ná go dona
- ☐ Go dona
- ☐ An-dona
- ☐ Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom

C33. An raibh an t-eolas ar fad maidir leat a bhí ag teastáil uathu ag an bhfoireann cúraim sláinte a chabhraigh leat i rith do chóireála?

- ☐ Bhí, go hiomlán
- ☐ Bhí, den chuid is mó
- ☐ Ní raibh
- ☐ Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom

C34. Bunaithe ar an méid atá ar eolas agat, ar roinneadh eolas maidir le d'ailse agus do chóireáil le do DG?

- ☐ Roinneadh, cinnte
- ☐ Roinneadh, go pointe áirithe
- ☐ Níor roinneadh
- ☐ Ní thugaim cuairt ar DG go rialta
- ☐ Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom

C35. An bhfuair tú an tacaíocht a theastaigh uait ó bhaill foirne i do chleachtas DG fad is a bhí cóireáil le haghaidh ailse á cur ort?

- ☐ ¹ Fuair, cinnte
- ☐ ² Fuair, go pointe áirithe
- ☐ ³ Ní bhfuair, agus bhí tacaíocht ag teastáil uaim
- ☐ ⁴ Ní raibh tacaíocht ó bhaill foirne i mo chleachtas DG ag teastáil uaim
- ☐ ⁵ Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom

C36. Má bhí cabhair ag teastáil uait, ar chinntigh na baill foirne san ospidéal go raibh cabhair agus trealamh agat sa bhaile chun cabhrú leat chun cúraimí laethúla a bhainistiú?

- ☐ ¹ Chinntigh, cinnte
- ☐ ² Chinntigh, go pointe áirithe
- ☐ ³ Níor chinntigh
- ☐ ⁴ Ní raibh sé seo riachtanach

C37. Ar roinneadh eolas leat maidir le conas cabhair airgeadais nó tacaíochtaí eile a fháil (cosúil le taisteal agus cúram baile fóirdheonaithe)?

- ☐ ¹ Roinneadh
- ☐ ² Níor roinneadh, agus ba bhreá liom eolas den chineál seo úsáideach
- ☐ ³ Níor roinneadh, níor theastaigh a leithéid seo d'eolas uaim
- ☐ ⁴ Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom

Cuid 11: Fo-iarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann

Baineann na ceistanna sa chuid seo leis na fo-iarmhairtí láithreacha agus fadtéarmacha a d'fhéadfadh a bheith tugtha faoi deara agat i rith agus i ndiaidh do chóireála le haghaidh ailse.

Is éard atá i gceist le fo-iarmhairtí láithreacha ná na fo-iarmhairtí sin a thugtar faoi deara go gairid i ndiaidh tús a chur le cóireáil nó i rith na cóireála. Go hiondúil, tugtar fo-iarmhairtí fadtéarmacha faoi deara uair éigin i ndiaidh deireadh a bheith curtha le do chóireáil le haghaidh ailse.

C38. Sular chuir tú tús le do chóireáil/do chóireálacha, ar míníodh na fo-iarmhairtí láithreacha a d'fhéadfadh a bheith ag baint le do chóireáil/do chóireálacha ar bhealach a thuig tú?

- ☐ ¹ Míníodh cinnte
- ☐ ² Míníodh, go pointe áirithe
- ☐ ³ Níor míníodh
- ☐ ⁴ Ní raibh míniú ag teastáil uaim
- ☐ ⁵ Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom

C39. Ar tairgeadh comhairle agus tacaíocht phraiticiúil duit chun déileáil le haon fho-iarmhairt láithreach a d'fhéadfadh a bheith ag do chóireáil/do chóireálacha?

- ☐ ¹ Tairgeadh, i gcónaí
- ☐ ² Tairgeadh, uaireanta
- ☐ ³ Níor tairgeadh
- ☐ ⁴ Ní raibh comhairle nó tacaíocht phraiticiúil ag teastáil uaim
- ☐ ⁵ Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom

C40. Sular chuir tú tús le do chóireáil/do chóireálacha, ar míníodh na fo-iarmhairtí fadtéarmacha a d'fhéadfadh a bheith ag baint le do chóireáil/do chóireálacha, lena n-áirítear an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar do ghníomhaíochtaí laethúla, ar bhealach a thuig tú?

- ☐ ¹ Míníodh, cinnte
- ☐ ² Míníodh, go pointe áirithe
- ☐ ³ Níor míníodh
- ☐ ⁴ Ní raibh míniú ag teastáil uaim
- ☐ ⁵ Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom

C41. An raibh deis agat do roghanna chun tionchar aon fho-iarmhairt fadtéarmach a d'fhéadfadh a bheith ag do chóireáil/do chóireálacha ar do ghníomhaíochtaí laethúla a phlé?

- ☐ ¹ Bhí, cinnte
- ☐ ² Bhí, go pointe áirithe
- ☐ ³ Ní raibh, ach ba bhreá liom an deis seo
- ☐ ⁴ Ní raibh, ní raibh an deis seo ag teastáil uaim
- ☐ ⁵ Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom

Cuid 12: An saol le hailse agus i ndiaidh ailse

Baineann na ceistanna sa chuid seo a leanas le d'eispéireas ar an gcúram a fuair tú nuair a bhí do chóireáil/do chóireálacha le haghaidh ailse críochnaithe agat.

C42. Má tá do chóireáil le haghaidh ailse críochnaithe, ar cuireadh achoimre i scríbhinn ar fáil duit ina raibh eolas le fáil faoin gcóireáil/faoi na cóireálacha a fuair tú agus faoin gcúram leantach sa tréimhse 12 mhí ina dhiaidh sin? (Ba cheart go mbeadh níos mó ná liosta coinní leighis curtha ar fáil)

- ☐ ¹ Níl mé críochnaithe le mo chóireáil → Téigh go dtí C46
- ☐ ² Cuireadh, le haghaidh mo chóireálacha ar fad → Téigh go dtí C43
- ☐ ³ Cuireadh, le haghaidh cuid de mo chóireálacha → Téigh go dtí C43
- ☐ ⁴ Níor cuireadh → Téigh go dtí C43
- ☐ ⁵ Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom → Téigh go dtí C43

C43. Idir do chóireáil deiridh agus an chéad choinne leantach, thug an fhoireann san ospidéal leat tacaíocht a bhí de dhíth ort duit?

- ☐ ¹ Thug, cinnte
- ☐ ² Thug, go pointe áirithe
- ☐ ³ Níor thug
- ☐ ⁴ Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom

C44. Ar cuireadh eolas ar fáil duit maidir leis an bhféidearthacht a bhain le hailse a bheith ort arís nó le scaipeadh ailse, cosúil leis na rudaí ba cheart a bheith airdeallach orthu agus céard ba cheart duit a dhéanamh dá mbeadh rud éigin ag déanamh imní duit?

- ☐ ¹ Cuireadh, cinnte

- 6 ☐ Minicíocht taistil
- 7 ☐ Easpa eolais
- 8 ☐ Méid ama caite ag fanacht le haghaidh do choinne/do choinní
- 9 ☐ Róthinn chun taisteal
- 10 ☐ Deacracht eile. Mínígh, le do tho

C45. Nuair a bhí do chóireáil le haghaidh ailse críochnaithe, an raibh tú in ann tacaíocht a fháil sa bhaile ó sheirbhísí pobail nó deonacha (altraí sláinte poiblí, cúramóirí íoctha, fisiteiripeoirí, mar shampla)?

- 1 ☐ Bhí, cinnte
- 2 ☐ Bhí, go pointe áirithe
- 3 ☐ Ní raibh
- 4 ☐ Ní raibh tacaíocht ó sheirbhísí pobail nó deonacha ag teastáil uaim
- 5 ☐ Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom

Cuid 13: Cúram Ginearálta

Baineann na ceisteanna sa chuid seo le d'eispéireas ginearálta cúraim i rith do chóireála le haghaidh ailse.

C46. An raibh muinín agat as an bhfoireann cúraim sláinte a bhí freagrach as do chúram?

- 1 ☐ Bhí, i gcónaí
- 2 ☐ Bhí, uaireanta
- 3 ☐ Ní raibh

C47. An raibh aon cheann de na fadhbanna seo a leanas agat fad is a bhí tú ag taisteal chuig coinní a bhain le do chúram ailse? Cuir tic taobh le gach rogha ábhartha.

- 1 ☐ Rochtain ar chóiríocht oiriúnach
- 2 ☐ Rochtain ar iompar oiriúnach
- 3 ☐ Costas cóiríochta
- 4 ☐ Costas taistil agus páirceála
- 5 ☐ Ganntanas páirceála

[illegible]

- 11 ☐ Ní raibh aon deacracht agam

C48. Tríd is tríd, ar tugadh do dhóthain
príobháideachais duit nuair a bhí scrúdú á
dhéanamh ort nó nuair a bhí tú do do
chóireáil?

- 1 ☐ Tugadh, i gcónaí
- 2 ☐ Tugadh, uaireanta
- 3 ☐ Níor tugadh
- 4 ☐ Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom

C49. Tríd is tríd, cén ráta a roghnófa chun cur síos a dhéanamh ar d'eispéireas ar an gcúram a cuireadh ar fáil duit? Cuir tic i mbosca idir 0 (eispéireas an-lag) agus 10 (eispéireas an-mhaith).

[illegible]

C50. Ó diagnóisíodh thú, ar phlé aon duine aon triail chliniciúil leat a d'fhéadfadh a bheith ábhartha do d'ailse a bhféadfá páirt a ghlacadh inti (cóireálacha nua nó tástálacha breise, mar shampla)?

- ☐ ¹ Phléigh
- ☐ ² Níor phléigh, agus ba bhreá liom leithéid
- ☐ ³ Níor phléigh, ní raibh mé ag iarraidh
- ☐ ⁴ Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom

Cuid 14: Sábháilteacht othar

Is éard atá i gceist le teagmhas sábháilteachta othar ná rud éigin a tharla i rith do chúraim ospidéil a chiallaigh go ndearnadh díobháil duit nó gur cuireadh tusa i mbaol. D'fhéadfadh teagmhas mar seo a leanas (ach gan a bheith teoranta dóibh) a bheith i gceist:

- An cógas mícheart a bheith tugtha (nó dóbair gur tugadh)
- Tástáil chóireála a fháil a bhí beartaithe a dhéanamh ar othar eile
- An diagnóis mhícheart a fháil
- Titim fad is a bhí tú san ospidéal

Baineann an chuid seo a leanas le do shábháilteacht fad is a bhí do chúram agus do chóireáil le haghaidh ailse á bhfáil agat.

C51. Ar dhéileáil tú le haon teagmhas sábháilteachta othar fad is a bhí do chúram agus do chóireáil le haghaidh ailse á bhfáil agat?

- ☐ ¹ Dhéileáil → Téigh go dtí C52
- ☐ ² Níor dhéileáil → Téigh go dtí C53
- ☐ ³ Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom → Téigh go dtí C53

C52. Más rud é gur dhéileáil tú le teagmhas sábháilteachta othar, an raibh comhrá agat le gairmí cúraim sláinte chun an méid a tharla a phlé leat?

'Nochtadh oscailte' a thugtar ar an gcineál comhrá seo faoi theagmhas sábháilteachta othar de ghnáth.

- ☐ ¹ Bhí
- ☐ ² Ní raibh
- ☐ ³ Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom

Cuid 15: Do riocht sláinte

Baineann na ceistanna sa chuid seo a leanas le do dhiagnóis ailse. Cabhróidh sé seo linn chun cur síos a dhéanamh ar na rannpháirtithe a ghlac páirt sa suirbhé.

C53. Cé chomh fada ó shin is a diagnóisíodh le hailse thú?

- ☐ ¹ Níos lú ná 6 mhí ó shin
- ☐ ² Idir 6 agus 12 mhí ó shin
- ☐ ³ Idir 1 agus 2 bhliain ó shin
- ☐ ⁴ Idir 2 agus 5 bliana ó shin
- ☐ ⁵ Níos mó ná 5 bliana ó shin
- ☐ ⁶ Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom

C54. An raibh an ailse scaipthe chuig orgáin nó codanna eile de do chorp faoin am ar insíodh duit ar dtús go raibh ailse ort?

- ☐ ¹ Bhí
- ☐ ² Ní raibh
- ☐ ³ Níl a fhios agam nó ní cuimhin liom
- ☐ ⁴ Níl sé seo ábhartha don chineál ailse atá orm

Cuid 16: Eolas fútsa

Baineann na ceisteanna sa chuid seo a leanas le heolas ginearálta maidir leat féin. Cabhróidh sé seo linn chun cur síos a dhéanamh ar na rannpháirtithe a ghlac páirt sa suirbhé. Baineann na ceisteanna seo le do shaol agus ní le do dhiagnóis ailse go sonrach.

C55. Céard é do chúlra eitneach nó cultúrtha? Ná cuir tic ach i mbosca amháin

- ☐ Duine Geal Éireannach
- ☐ Duine den Lucht Siúil
- ☐ Romach
- ☐ Aon chúlra Geal eile, sonraigh le do thoil:
- ☐ Duine Gorm Éireannach
- ☐ Duine Gorm Afracach
- ☐ Aon chúlra Gorm eile, sonraigh le do thoil:
- ☐ Duine Áiseach Éireannach
- ☐ Duine Áiseach Indiach
- ☐ Síneach
- ☐ Aon chúlra Áiseach eile, sonraigh le do thoil:
- ☐ Arabach
- ☐ Grúpa / cúlra measctha, sonraigh le do thoil:
- ☐ Grúpa / cúlra eile, sonraigh le do thoil:

C56. An bhfuil aon cheann acu seo a leanas agat faoi láthair? Cuir tic taobh le gach rogha ábhartha.

- ☐ Cárta leighis aige nó aici
- ☐ Cárta cuairte DG
- ☐ Árachas sláinte príobháideach
- ☐ Ceann ar bith díobh thuas
- ☐ Níl a fhios agam

C57. An mbaineann aon cheann de na nithe seo a leanas leat ar bhonn fadtéarmach? Cuir tic taobh le gach rogha ábhartha.

- ☐ Daille nó lagú radhairc tromchúiseach
- ☐ Bodhar nó lagú éisteachta tromchúiseach
- ☐ Riocht a chuireann teorainn shubstaintiúil le gníomhaíocht fhisiciúil bhunúsach amháin nó níos mó
- ☐ Míchumas intleachta
- ☐ Deacrachtaí maidir le foghlaim, cuimhneamh nó aird a dhíriú
- ☐ Riocht meabhairshláinte, síceolaíocht nó mothúchánach
- ☐ Deacrachtaí maidir le gléasadh, folcadh nó bogadh thart sa teach
- ☐ Deacracht an teach a fhágáil i d'aonar
- ☐ Deacracht maidir le hobair nó le freastal ar scoil nó coláiste
- ☐ Deacrachtaí maidir le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí eile
- ☐ Míchumas eile, lena n-áirítear tinneas ainsealach
- ☐ Ceann ar bith díobh thuas

C58. Cérbh é an príomhdhuine nó na príomhdhaoine a líon isteach an ceistneoir seo?

- ¹ ☐ An duine atá ainmnithe ar an gclúdach litreach
- ² ☐ An duine atá ainmnithe ar an gclúdach litreach le cabhair ó dhuine éigin eile
- ³ ☐ Duine éigin atá ag feidhmiú thar ceann an duine atá ainmnithe ar an gclúdach litreach

Cuid 17: Tuairimí eile

Ná bíodh drogall ort níos mó eolais a roinnt linn maidir le d'eispéireas cúraim trí na ceisteanna thíos a fhreagairt. Is féidir leat leathanach cúil an cheistneora a úsáid má tá tuilleadh spáis uait. Ná cuir d'ainm ná seoladh ar fáil sna tuairimí. Cuirfear na tuairimí isteach i mbunachar sonraí slán tar éis go mbainfear aon fhaisnéis a d'fhéadfaí a úsáid chun tú a aithint.

Déanfaidh HIQA, FSS agus an Roinn Sláinte anailís ar an aiseolas anaithnidithe seo chun iarracht a dhéanamh teacht ar thuiscint ar eispéiris othar ar chúram ailse agus na heispéiris sin a fheabhsú. Féadfaidh taighdeoirí eile anailís a dhéanamh ar shonraí anaithnidithe ón suirbhé seo amach anseo, tar éis go mbainfear gach eolas pearsanta a d'fhéadfaí a úsáid chun tú a aithint. Tabharfaimid samplaí d'aiseolas sna tuarascálacha suirbhé deiridh chun tuiscint níos iomláine ar eispéiris na n-othar a chur ar fáil.

C59. An raibh aon rud iontach faoi do chúram?

C60. An raibh rud ar bith ann a d'fhéadfaí a fheabhsú?

Ár mbuíochas leat as ucht an suirbhé seo a líonadh isteach.

Déan cinnte gur fhreagair tú gach ceann de na ceisteanna a bhaineann leat.

Cuir an ceistneoir ar ais chugainn sa chlúdach litreach Saorphoist a tháinig leis. Níl stampa ag teastáil.

Tá an leathanach seo fágtha bán d'aon ghnó.